COMHAIRLE CHONTAE NA MÍ
Nuachtlitir Comhshaoil an Mheithimh



An Léig Fhrith-Bhruscair

D'éirigh go han-mhaith leis an Léig Fhrith-bhruscair a réachtáil Comhairle Chontae na Mí ón 1 Márta – 12 Aibreán inar ghlac iomlán de 95 grúpa agus scoil páirt inti. Bíonn an tionscnamh ar bun gach bliain chun cumainn áititheoirí agus grúpaí pobail a spreagadh chun an fód a sheasamh agus chun aghaidh a thabhairt ar bhruscar sula bhfásann fálta agus féar a chuireann an bruscar "i bhfolach".

Is iad na buaiteoirí ná na bailte seo a leanas:

Bailte
Maigh nEalta, Baile an Chaisleáin, Dún Búinne

Eastáit Tithíochta
Bóthar Bhaile Átha Fhirdhia, Baile an Chaisleáin, Páirc an Bhaile Bhradaigh, Baile Roibín, Maigh Fionnráithe, An Bhóthair Bhuí Radharc an Chnoic Dhún Seachlainn

Scoil
Meánscoil Oliver Plunkett, An Seanchaisleán.

Buaiteoir Foriomlán
Maigh nEalta

IONAID ATHCHÚRSÁLA
Ceanannas 087-7495357
An Uaimh 086-1723061
Baile Átha Troim 046-9486775

Uaireanta Oscailte
Luan – Satharn
9.00 - 16-45

Glantachán Náisiúnta an Earraigh 2010

D'éirigh thar barr le Glantachán Náisiúnta an Earraigh 2010 i gCo. na Mí inar tháinig níos mó ná 150 grúpa deonach, scoileanna, coistí bailte slachtmhara, daoine aonair, teaghlaigh srl. le chéile lena chinntiú go dtabharfaí glanadh cuimsitheach do Cho. na Mí. Ón Inse go dtí An Bóthar Buí agus ón Seanchaisleán go dtí Cill Dhéagláin tháinig na céadta oibrithe deonacha amach chun páirt a ghlacadh i scéim urraithe An Taisce/Chomhairle Chontae na Mí. Meastar gur bailíodh os cionn 500 tona bruscar ó na heastáit tithíochta, portaigh, sruthanna, thaobh an bhóthair srl. Ba mhaith le Comhairle Chontae na Mí buíochas a ghlacadh le gach duine a bhí páirteach ann agus dúirt sí gur díol misnigh é go bhfuil móráil chathartha fós ag muintir na Mí cé go bhfuil staid eacnamaíochta chrua ós ár gcomhair.

Scoileanna Glasa

Fuair 10 scoil nua i gCo. na Mí a gcéad Bratach Glas ag tabhairt líon na scoileanna le bratacha sa tír go dtí 53. Tugtar aitheantas d'iarracht na múinteoirí, daltaí agus na tuismitheoirí ó tharla go bhfuil fadhbanna acmhainní ag ár gcóras oideachais. Is dea-chomhartha é an díograis agus an tsuim dáiríre i nithe comhshaoil atá sna scoileanna seo do na glúnta amach romhainn agus níl aon dabht ann ach go mbeidh orthu aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhóra maidir le cóireáil dramhaíola, caomhnú uisce/fuinnimh, téamh domhanda agus athrú aeráide.

Áiríodh ar na scoileanna a fuair a gcéad bhratach in 2010: Gairmscoil Naomh Fintina, Maigh Dearmhaí: Scoil Náisiúnta Daingean: Scoil Náisiúnta Bhaile Uilcín: Scoil Náisiúnta Bhaile an Chaisleáin, Scoil Náisiúnta Chluain Ailbhe: Educate Together na hUaimhe, Scoil Náisiúnta Bhaile Bháigh, Scoil Náisiúnta Naomh Pól, Ráth Tó, Scoil an Spioraid Naomh, Inse, Scoil Náisiúnta Dhún Uabhair.

Má tá gearán agat faoi bhruscar nó dumpáil mhídhleathach, déan teagmháil le do thoil leis I líne Bruscair Lo Call – Teileafón 1890 228 466 nó an Rannóg Comhshaoil, Comhairle Chontae na Mí 046-9097200 nó seol ríomhphost chuig environment@meathcoco.ie

Bainc Buidéal (Ionaid Thabhartha)

Cuireann Comhairle Chontae na Mí suas le 40 Ionad Tabhartha ar fáil ar fud na tíre. Baintear go leor úsáide astu seo agus bailíodh suas le 2,000 tona gloine agus 25 tona alúmanam in 2009.
Faraor, leanann roinnt úsáideoirí ar aghaidh ag dumpáil bruscair ag na láithreacha agus shínigh Comhaire Chontae na Mí oibríochtaí C.C.T.V chuig roinnt láithreacha agus gearrfar fíneáil ar an láthair de €150 go dtí uasfíneáil de €3,000 ar chiontóirí ar é nó í a chiontú. Ba chóir go dtabharfadh úsáideoirí ar aird go n-áirítear boscaí folamha, málaí, coimeádáin agus aon dhramhaíl eile a chur de láimh seachas gloine agus cannaí, ar dhumpáil/ar bhruscar a chaitheamh.

Ba chóir go dtabharfadh úsáideoirí ar aird nár chóir dramhaíl a chur ar an talamh agus má bhíonn na taiscí lán, ba chóir an dramhaíl a thabhairt chuig láthair eile nó chuig Ionad Athchúrsála. Méadófar líon na nIonad Tabhartha a bhfuil C.C.T.V iontu sna míonna amach romhainn agus úsáidfear aonad "soghluaiste" chun monatóireacht a dhéanamh ar shuíomhanna éagsúla ar fud na tíre.



Coinnigh an Mhí Glan

Le déanaí, sheol Comhairle Chontae na Mí an feachtas "Coinnigh an Mhí Glan".
Chun leanúint le dea-obair Ghlantachán an Earraigh, is féidir le grúpaí deonacha agus pobail agus cumainn áititheoirí leas a bhaint as seirbhís bosca bruscair le rothaí a bhfuil roinnt dár n-oibritheoirí dramhaíola ag déanamh urraíochta uirthi.

Is féidir tuilleadh eolais agus foirmeacha iarratais a fháil ar ár láithreán gréasáin ag www.meath.ie nó trí teagmháil a dhéanamh le Peter Brady, Oifigeach Feasachta Comhshaoil ag 087-2708100 nó trí ríomhphost a chur chuig pbrady@meathcoco.ie.

Cén cineál contae atá uainn?

Tógadh an dá ghrianghraf níos lú na deich míle óna chéile. Cá háit ab fhearr leat a bheith i do chónaí? Táimid inár gcónaí i gcontae álainn ina bhfuil go leor áiteanna tarraingteachta do chuairteoirí áitiúil agus idirnáisiúnta. Tá eolas forleathan ar ár suíomhanna oidhreachta ag Teamhair, Brú na Bóinne, Loch Craobh agus Baile Átha Troim agus leanann siad ar aghaidh ag mealladh líon ard cuairteoirí. Tá sráidbhailte, siúláin, aibhneacha srl áille eile sa chontae agus is é ár leas ar fad é na háiteanna seo a chothabháil agus meas a bheith againn orthu chomh maith agus is féidir.

Bíonn costas níos mó ná €2milliún gach bliain ar Chomhairle Chontae na Mí mar gheall ar dhumpáil agus caitheamh bruscair mhídhleathach agus sa tréimhse eacnamaíochta crua seo, d'fhéadfaí an t-airgead seo a chaitheamh ar bhealaí níos fearr. In 2010, tá Comhairle Contae na Mí ag leanúint de bheith gníomhach ag forfheidhmiú bruscair agus dramhaíola agus tá sé ag leathadh amach oibríochtaí C.C.T.V i roinnt áiteanna faoin tuath. Ní feidir lenár sochaí glacadh leis an leibhéal dhumpála seo nach bhfuil gá leis a thuilleadh agus is féidir leis na ciontóirí a ghabhtar a bheith ag súil le déineacht iomlán an dlí.